

[Mair...] chungnamh lem chairdibh (Acephalous)

[Mac Cionnaith, L. *Dioghlúim Dána*, Dublin, 1938, poem 34]

1 [Mair...] chungnamh lem chairdibh
cabhair uaim ní fhaghann siad;
mór dtaobh a ngabhad ga ngaoltaibh
caor charad ar aontail iad.

2 Urusa a aithne ar m'fhear chogaidh
a gcairdeas nach cabhair ghann,
gidh cia le gcarthair na caraid
sia ná an charthain anaid ann.

3 Tearc agam i n-am an chunntais
ar chionn an bháis gidh ard mh'uail,
dam dhíon acht combáidh na gcarad;
gníomh folláin ní fhaghad uaim.

4 Do thaghas mar chairde croidhe
ar chionn mh'agra - ní hiúl gann -
dá cheathrar nó a trí nach tréigeabh
neamhchur dá dtí an t-éigean ann

5 Dom fhiar cogaidh is cúis faitchis
gidh iomdha im chionn cunntas doirbh
an dá sheisear re hucht n-aighnis
sei-sean 's a lucht aimhliis oirn.

6 Gidh iomdha romham bearn baoghail
dom breith suas ní slighe ghann
- is é an t-iúl go neamh do nochtadh -
triúr is fear is ochtar ann.

7 Lucht eadrána fheirge an áirdríogh,
iúl fíre as a bhfuil ar ndóigh,
mogall géag nach cumhang gcabhra,
dá ubhall déag abhla óir.

8 Do bhraitheas gur mhogal milis,
mian gach neich do-chiú 'n-a chnuas,
dá chóigear ['s] dá chnaoi san chrobhuing
is sgaoi óigfhear thoghaim thuas.

9 Gidh éigean dáibh dul dom chumhdach
cóir cunnamh as lia sa lia;
mór ní dá neamhthail do-ním-se
trí ceathrair as díisle ag Dia.

10 Do leanadar lorg a n-athar,
d'éis a bháis nír bheag a ngrádh;
mogal cumhra an dá chnó déag-sa
umhla dhó ná an tréad-sa i dtám.

11 Ní féadthar nach fionnfadh mi-se
- minic fhéachthar í dá boing -
dá chnó dhéag d'iompuibh na humhla;
fionntair an ghéag chumhra i gcoill.

12 An fad do bhádar 'n-a mbeathaidh
briathra an sgrioptúir do sgag siad
na sé chúpla fa caoin freagra;
braoin drúchda na heagna iad.

13 Cúitéaghthar i n-am ar n-aighnis
- annamh fhuairsead taom budh theo -
[ón] éinfhear déag páirte is Peadar
ar bpáirt-ne a mhéad leagar leo.

14 Ar bhfás tríom do thoradh m'ainmhian
iomdha fréamh as a bhfuil géag
a ndul i seilbh mh'anma d'fholcadh
calma an feidhm dhá dhoctar dhéag.

15 Ar n-imtheacht dá n-oide mhúinte
mogal cumhra an dá chnó dhéag
do líon ceo [cumhadh] gach duine,
nar [phudhar] leo uile a n-éag.

16 Ar n-anamhain uile i n-éintigh
do bh'í a n-orchra dar ghar glóir
- a dtoirse fa cumha choimhthe -
soillse ar ndula i ndoirche dhóibh.

17 Dá bhfuasgladh as a n-aitreibh iadhta
d'éis a n-athar - is iúl fíor -
táinig an Spiorad Naomh neamhdha
ionad saor go ndearna dhíobh.

18 Táinig gus an teaghdhais ndúnta
an deachmhadh lá dá láibh bróin
an Spiorad Naomh i dtairm theineadh;
saor an snaidhm fa dheireadh dhóibh.

19 Do fhoillsigh Dia san dúil teineadh
teangtha an domhain dóibh 'n-a rioth;
fir sin gan doghruing a ndéanmha
fir gan fhoghlaim béarla ar bioth.

20 A n-eachtra nír bh'adhbhar guaise;
grás a n-eagna as lia sa lia;
an deaghsgol nír thréad gan teangtha
dá easbol déag dearbhtha ó Dia.

21 Foillsighthear dhóibh dul dá dteagasg
na trí ranna - ní rian gann;
mar bu dú sgaoileadh an sgrioptúir
aoinfhear rú nír bh'iontnúidh ann.

22 Do cuireadh leo fa chuing creidmhe
na ceathra triair do thogh mé
- gan chairde budh beirthe a bhuidhe -
ceithre hairde an chruinne ché.

23 Ní tháinig ar dteacht dá dturas
- troma a ndochair ní dáil ghann -
éinfhear dhíobh gan easgar d'fhagháil
díol na n-easbal d'anáir ann.

24 Tiomsaighid timcheall na hóghe
re hucht a báis - ní beart chlé -
a dá dhalta dhéag i n-aoinfheacht
'n-a dtréad sgagtha ó dhraoidheacht Dé

25 A dteagmháil is-tigh i n-aoinfheacht
d'éis a n-eachtra ó thír do thír
- ní raibhe snaidhm as sia ar Mhuire -
gairm ó Dhia ar gach nduine dhíbh.

26 Ag sin iomthúsa na hóghe
inghean laichim fa hard nós
dul dí ó ghrás gus na grásaibh
's í gan bhás ón bhás-sain bhós.

27 Ós chionn a cuirp - cóir a chreideamh -
ní chuala cluas nír chuir súil
a gclos do cheol ógh is aingeal
- eol as lór do dhaingean dúinn.

28 Iarraim ar éininghin laichim
a hucht a gaoil 'n-a ghaol ghar
i n-anáir an dá fhear déag-sain
seal d'fhagháil dá déagsain damh.

29 Ar impidhe an dá fhear déag-sa
do dhíon cáich tar ceann a locht
do-ní a muime agus a máthair

ní as uille ná an bráthair bocht.

30 Seol mo luinge re hucht n-anfhaid
- iomdha slighe don tigh thuas -
ná leagadh sé muna seolfam
Peadar is é ar seolchrann suas.

31 Uaidhe nó go bhfaghar fortocht
- fada dhamh i n-easbhaidh eoil -
ní ghéabha mé an cuma comha
gidh é tunna ola Eoin.

32 Go gcuire Tomás lámh linn-ne
i ló an bháis - budh [tachar te] -
lámh i dtaobh Dé mar do dheaghcuir
as ar shaor sé a dheacair dhe.

33 Parr-thalón agus Ta-théus
mo thonn fheirge - ní gníomh gann -
Aindrias muna chabhra ó chroidhe
tarla an daighdhias oile ann.

34 Dom shaoradh ar fheirg, a Íosa,
acht Eoin Bruinne as bhráthair dhaoibh
ní mhar tréan as mó go Muire
San Séam nó [a] dó ar ghoire gaoil.

35 Suibhisgéal is easbhal orrdhraic
gidh é Matha nar mhaol sdair
tarla dhó glóir an dá ghradam
ag só dá chóir agam air.